2025/370

21.2.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/370 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Feabhra 2025

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh leitheanna earrbhuí i Ranna 3LNO NAFO i gcás soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach a dhéanann iascaireacht faoin gcuóta a chionroinntear ar 'eile'

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2025.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta sin ídithe le haghaidh 2025 ag gabhálacha an stoic leitheanna earrbhuí i Ranna 3LNO NAFO ag soithí faoi bhratach Páirtí Chonarthaigh in Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) nó atá cláraithe i bPáirtí Conarthach in NAFO a dhéanann iascaireacht faoin gcuóta a chionroinntear ar 'eile'.

(3) De bhrí go mbíonn soithí atá faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach ag déanamh iascaireachta ar an stoc sin, is gá toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a cionroinneadh ar Pháirtithe Conarthacha in NAFO, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, le haghaidh 2025 faoin gcuóta 'eile' i gcomhair an stoic leitheanna earrbhuí i Ranna 3LNO NAFO dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcás soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach a dhéanann iascaireacht faoin gcuóta a chionroinntear ar 'eile'. Go sonrach, toirmeascfar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	1/TQ202
Ballstát	Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh a dhéanann iascaireacht faoin gcuóta a chionroinntear ar 'Eile'
Stoc	YEL/N3LNO.
Speiceas	An leith earrbhuí
Limistéar	Ranna 3LNO NAFO
Dáta an iaimh	An 8 Eanáir 2025